# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
# Na Briathra GNÍMH sna Torthaí Foghlama

**Anailísigh**
staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Léirthuiscint**
an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint

**Meas**
saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Déan comparáid**
cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

**Déan díospóireacht**
cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil

**Taispeáin**
rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

**Cuir síos**
pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

**Pléigh**
athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise

**Measúnaigh (sonraí)**
sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid I bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)**
fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Scrúdaigh**
argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

**Mínigh**
mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Fiosraigh**
dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

**Sainaithin**
patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Léirmhínigh**
eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Iniúch**
breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Ullmhaigh**
rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

**Aithin**
fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/ oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

**Úsáid**
eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur I ngníomh

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CC BY NC